**Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 22 Nollaig 2021 – Civitta Eesti v an Coimisiún**

**(Cás T-665/21 R)**

(2022/C 119/68)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

---

**Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 26 Eanáir 2022 – ICA Traffic v an Coimisiún**

**(Cás T-717/21 R)**

***(“Iarratas ar bhearta eatramhacha – Soláthar poiblí – Róbait díghalrúcháin a sholáthar – Iarratas ar bhearta sealadacha – Easpa práinne”)***

(2022/C 119/69)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: ICA Traffic GmbH (Dortmund, an Ghearmáin) (ionadaithe: S. Hertwig agus C.Vogt, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Mantl, B. Araujo Arce agus M. Ilkova, i gcáil Gníomhairí)

**Maidir le:**

Iarratas, bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE, ordú don Choimisiún, sa chéad áit, gan dul ar aghaidh le 100 róbat díghalrúcháin sa bhreis a cheannach, ar bhonn creatchonarthaí maidir le suas le 200 róbat díghalrúcháin a sheachadadh, a fógraíodh ina phreaseisiúint an 22 Meán Fómhair 2021, agus sa dara háit, gach beart eile is gá chun an *status quo* a choinneáil a dheonú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.

2) Forchoimeádtar na costais.

---

**Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 24 Eanáir 2022 – Společnost pro eHealth databáze v an Coimisiún**

**(Cás T-731/21 R)**

***(“Iarratas ar bhearta eatramhacha – Comhaontú deontais arna thabhairt i gcrích mar chuid den Chláir Réime Iomaíochta agus Nuálaíochta (2007-2013) – Na suimeanna íoctha a aisghabháil – Iarratas ar oibriú ordaithe a fhionraí – Easpa práinne”)***

(2022/C 119/70)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Společnost pro eHealth databáze, a.s (Prág, Poblacht na Seice) (ionadaí: P. Konečný, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: J. Estrada de Solà, B. Araujo Arce agus J. Hradil, i gcáil Gníomhairí)

**Maidir le:**

Iarratas, bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE, ar oibriú Chinneadh C(2021) 6597 final ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2021 a fhionraí maidir le suim EUR 861 263 móide ús ar riaráistí agus méid de réir gach lae moille ón 1 Deireadh Fómhair 2021 a aisghabháil ón iarratasóir.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.

2) Forchoimeádtar na costais.

---

**Caingean arna tabhairt an 10 Eanáir 2022 – uwe JetStream v EUIPO (JET STREAM)**

**(Cás T-14/22)**

(2022/C 119/71)

*Teanga an cháis: An Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* uwe JetStream GmbH (Schwäbisch Gmünd, an Ghearmáin) (ionadaí: J. Schneider, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach i ndáil le focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "JET STREAM" – Iarratas ar chlárú Uimh. 20 809 111

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 9 Samhain 2021 i gcás R 1092/2021 – 4

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid agus cinneadh EUIPO ag an gcéad chéim an 15 Nollaig 2020 agus an 29 Aibreán 2021 a chur ar ceal;

— síneadh a chur leis an gcosaint ar chlárú idirnáisiúnta Uimh. 0809111 a údarú ar mhaithe lena chlárú san Aontas Eorpach;

— ordú a thabhairt do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

Sárú ar Airteagal 7(1)(b) agus (c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 18 Eanáir 2022 – Polynt v ECHA**

**(Cás T-29/22)**

(2022/C 119/72)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Polynt SpA (Scanzorosciate, an Iodáil) (ionadaithe: C. Mereu agus S. Abdel-Qader, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil an t-iarratas inghlactha agus go bhfuil bunús maith leis;